| OLLSCOIL NA GAILLIMHE UNIVERSITY OF GALWAY | Polasaí agus Nósanna Imeachta<br>Policies and Procedures |
|---|---|

| Cód | QA148 |
|---|---|
| Teideal | Polasaí Toisithe Poist OÉ Gaillimh |
| Dáta Faofa | 16/05/2022;<br>Dáta athbhreithnithe is déanaí: Bealtaine 2023 |
| Faomhadh | Foireann Bainistíochta na hOllscoile |

## 1. Ráiteas Polasaí

Cuireann an Ollscoil roimpi a chinntiú go bhfuil an toise cheart ag baint le gach ról seirbhísí gairmiúla, agus tá an polasaí seo ag teacht leis an gCreat Rialaithe Fostaíochta. Cuireadh an polasaí seo le chéile chun a chinntiú go mbeidh an próiseas toisithe poist cothrom agus trédhearcach. Cuirtear cur chuige córasach comhsheasmhach ar fáil sa pholasaí chun méid na bpost san Ollscoil i gcoibhneas le chéile a shainiú. Tá sé tábhachtach go n-aithneofaí gurb é an ról atá á thomhas, seachas feidhmíocht an duine atá ag comhlíonadh an róil sin. Is próiseas anailíse, measúnaithe agus comparáide poist é Toisiú Poist a thionscain an bhainistíocht agus baineann sé le héilimh an phoist, amhail na scileanna, na cáilíochtaí, an t-eolas agus an tuiscint, an taithí agus an fhreagracht a theastaíonn chun an post a dhéanamh. Is próiseas é a fhéachann le gnéithe éagsúla an phoist a thomhas go hoibiachtúil trí scór a chur le gach gné, agus cuirtear scór iomlán ar fáil do gach post dá réir. Cinnteoidh coiste Toisithe Poist go sannfar gráid post ar bhonn comhsheasmhach do róil riaracháin ghairmiúla ar fud na hOllscoile, bunaithe ar na róil, na freagrachtaí agus riachtanais na ról sin agus comhthéacs eagraíochtúil an réimse oibre atá i gceist.

## 2. Cuspóir an Pholasaí

Is próiseas a thionscain an bhainistíocht atá i dToisiú Poist, a cruthaíodh chun dearadh róil agus eagrúchán oibre a ailíniú le riachtanais oibriúcháin na hOllscoile agus chun a chinntiú go bhfuil gráid phá chuí ann a thugann aitheantas do fhreagrachtaí agus do chastachtaí an róil. Is próiseas anailíse, measúnaithe agus comparáide poist é Toisiú Poist a thionscain an bhainistíocht agus baineann sé le héilimh an phoist, amhail na scileanna, na cáilíochtaí, an t-eolas agus an tuiscint, an taithí agus an fhreagracht a theastaíonn chun an post a dhéanamh. Is próiseas é a fhéachann le gnéithe éagsúla an phoist a thomhas go hoibiachtúil trí scór a chur le gach gné, agus cuirtear scór iomlán ar fáil do gach post dá réir. Cinnteoidh coiste Toisithe Poist go sannfar gráid post ar bhonn comhsheasmhach do róil riaracháin ghairmiúla ar fud na hOllscoile, bunaithe ar na róil, na freagrachtaí agus riachtanais na ról agus comhthéacs eagraíochtúil an réimse oibre atá i gceist.

## 3. Raon Feidhme & Prionsabail an Pholasaí

Bainfidh an polasaí toisithe poist le gach post nua i gcatagóir na foirne gairmiúla riaracháin. Áireofar faoin bpolasaí seo go ndéanfar scrúdú ar phoist riaracháin atá ann cheana féin ó ghráid cúntóra riaracháin ag Grád 2 go dtí Grád 5, agus na gráid sin san áireamh.

Beidh feidhm ag Toisiú Poist sna cásanna seo a leanas:

- Nuair a bheidh post nua (sealadach nó buan) d'aon ghrád á chruthú a mhairfidh níos mó ná bliain.
- Má bhíonn aon athruithe á ndéanamh ar ról atá ann cheana ag aon ghrád agus a bhfuil folúntas fágtha ann (uasdátú/athnuachan/cosaint don todhchaí)
- I gcás ról sealadach níos giorra ná bliain, nár grádaíodh/toisíodh riamh, má chuirtear síneadh ama leis a chiallóidh gur seal níos faide ná bliain a bheidh ann.

- Má mheasann an bainisteoir go bhfuil athrú ábhartha ar ról nár grádaíodh le 4 bliana anuas, ar a laghad, ar bhealach a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar an ngrád.

Cinnteoidh an Ollscoil gur beag tionchar a bheidh ag toradh an phróisis toisithe poist ar chóimheasa na ngrád éagsúil. Is í an Ollscoil a bheidh freagrach as an gcostas a bhainfidh le haon athrú a dhéanfar. Ní mór don bhall UMT (Foireann Bainistíochta na hOllscoile) aon arduithe ar chostais a phlé leis an Sparánaí.

Cuirfear srian 10% san iomlán in aghaidh an ghráid i bhfeidhm ar an Ollscoil i ngach bliain airgeadais. Ba chóir é seo a chur san áireamh, áfach, in aon straitéis Aonaid/Scoile/Choláiste, agus i bpróiseas buiséadaithe na hOllscoile, agus ba chóir a chinntiú go bhfágfar cóimheasa idir na gráid mar atá siad. Cinnteoidh sé seo go mbeidh cothromaíocht chuí ann idir na gráid agus taobh istigh de na hacmhainní atá ann. Cinnteoidh sé seo freisin nach dtarlóidh síobadh gráid de bharr an pholasaí.

Sa chás go mbaineann an próiseas Toisithe Poist le post atá i seilbh duine faoi láthair, d’fhéadfadh go ndéanfaí an grád a ardú de thoradh Toisiú Poist, nó go ndeimhneofaí go bhfuil an grád ag an toise chuí. D’fhéadfadh impleachtaí éagsúla a bheith aige seo don té a bhfuil an post aige; d’fhéadfaí go gcuirfí tús le comórtas oscailte, comórtas teoranta, ainmniúchán nó athshannadh, mar shampla, de réir pholasaithe/nósanna imeachta na hOllscoile. Má mholtar i dtoradh an phróisis toisithe poist go ndéanfaí ardú ar an ngrád agus má tá sealbhóir an phoist tar éis 4 bliana nó níos mó a chaitheamh sa phost, tabharfar ardú gráid dó/di/dóibh trí ainmniúchán.

Beidh éifeacht le dáta an ardaithe gráid ón dáta a ndearna an Coiste Toisithe Poist athbhreithniú agus measúnú ar an bpost. I gcás ina mbaineann an próiseas Toisithe Poist le ról nua, líonfar é trí chomórtas oscailte. Déanfaidh an Coiste Toisithe Poist moladh maidir le grád an róil bunaithe ar na sonraí a chuirfear isteach agus ar an mbonn go mbeifear ag comhlíonadh phrionsabail an pholasaí.

**4. Nós Imeachta**

Is iad seo a leanas baill an Choiste Toisithe Poist:

- Ainmní an Uachtaráin (Cathaoirleach) – is duine gairmiúil seachtrach a bheidh anseo ar dtús go dtí go mbeidh muinín ag an gCoiste Toisithe Poist as an bpróiseas
- Ionadaí AD
- Ionadaí an Stiúrthóra Seirbhísí Gairmiúla
- Ionadaí SIPTU
- Ionadaí Airgeadais

Féadfaidh Stiúrthóir Acmhainní Daonna ba(i)ll eile a chomhthoghadh i gcás ina meastar go gcuirfeadh saineolas gairmiúil an bhaill chomhthofa le caighdeán an phlé i measc an choiste. Féadfaidh Stiúrthóir Acmhainní Daonna ionadú a dhéanamh ar bha(i)ll den choiste nó é/í/iad a chur as oifig ag aon am ar leith. Cinnteoidh Stiúrthóir Acmhainní Daonna go gcloítear le cothromaíocht inscne ar an gcoiste. Athrófar ballraíocht an choiste gach 2 go 3 bliana.

Is é ról an Choiste Toisithe Poist ná gach iarratas ar Thoisiú Poist ó Cheann Aonaid/Scoile/Coláiste a mheas agus grád a mholadh don ról bunaithe ar an bhfoirm iarratais a chuirtear isteach agus ar an gcóras Measúnaithe a úsáidtear.

Iarrfaidh Cathaoirleach an Choiste Toisithe Poist ar bhaill uile an choiste aon choimhlint leasa a d'fhéadfadh a bheith acu a dhearbhú maidir le haon iarratais a thiocfaidh os comhair an choiste. I gcás ina measfar go bhfuil coimhlint leasa ag ball den choiste maidir le hiarratas toisithe, tarraingeoidh an ball sin den choiste siar ón bplé agus lorgófar ionadaí. Ina theannta sin, ní ghlacfaidh baill den choiste páirt i dToisiú Poist ar a ról féin ná ar ról a thuairiscíonn go díreach dóibh. Sa chás nach bhfuil baill an Choiste Toilithe Poist in ann teacht ar chomhaontú maidir le ról ar leith (ról reatha nó ról nua) cinnfidh an Stiúrthóir AD cén beart a dhéanfar i gcomhar leis an mbainisteoir áitiúil.

Cinnteoidh an Coiste Toisithe Poist go mbeidh comhsheasmhacht ag baint leis na gráid a thabharfar do róil riaracháin ghairmiúla ar fud na hOllscoile, ag cur fhreagrachtaí agus riachtanais na ról agus chomhthéacs eagraíochtúil an réimse oibre san áireamh.

**5. An Próiseas Toisithe Poist**

Sa chás go bhfuil riachtanas ann go ndéanfaí ról a thoisiú agus má thacaíonn ball UMT leis an riachtanas sin, ní mór don Cheann Aonaid/Scoile/Coláiste an Fhoirm Iarratais Toisithe Poist a líonadh agus na cáipéisí seo a leanas a chur ar fáil léi:

*Róil atá ann cheana féin*

- Cóip den tsonraíocht phoist agus na hathruithe rianaithe.
- Cairt ordlathach eagraíochtúil a thaispeánann an ról mar atá agus an gaol atá aige le róil eile san Aonad/sa Scoil/sa Choláiste, agus an grád ar a bhfuil gach post a luaitear sa chairt (ná cuir isteach ainmneacha na sealbhóirí róil). Má tá athrú déanta ar na gráid ní mór na mionsonraí a bhaineann leis sin a thabhairt.
- Deimhniú ó Bhall UMT i gcomhairle leis an Sparánaí go bhfuil maoiniú ar fáil chun aon chostais a chlúdach i gcás ina ndéantar atoisiú ar an ról chuig grád níos airde.

Ní mór don Cheann Aonaid/Scoile/Coláiste an Fhoirm Iarratais Toisithe Poist a líonadh agus na cáipéisí gaolmhara a chur ar aghaidh chuig an mBall UMT le faomhadh. Nuair a bheidh sé ceadaithe, ba chóir an Fhoirm Iarratais Toisithe Poist agus na cáipéisí gaolmhara a chur isteach ar líne tríd an **nasc** seo a leanas.

Ní ghlacfar le Foirmeacha Iarratais Toisithe Poist nach bhfuil líonta ar fad agus seolfar ar ais iad.

Ní ghlacfaidh an coiste le haon cháipéisí / leasuithe breise ar an bhFoirm Iarratais Toisithe Poist, mura n-iarrann an coiste go sonrach é mar chuid de shoiléiriú atá á lorg.

Casfaidh an Coiste Toisithe Poist ar a chéile faoi dhó sa bhliain i gcás róil atá ann cheana.

**Róil Nua / Róil a bhfuil Folúntas iontu**

- Cóip den tsonraíocht phoist mholta i bhformáid Word
- Cairt ordlathach eagraíochtúil a thaispeánann an ról nua atá beartaithe agus an gaol atá aige le róil eile san Aonad/sa Scoil/sa Choláiste, agus an grád ar a bhfuil gach post a luaitear sa chairt (ná cuir isteach ainmneacha na sealbhóirí róil). Má tá athrú déanta ar na gráid sin ní mór na mionsonraí a bhaineann leis sin a thabhairt.

Buailfidh an Coiste Toisithe Poist le chéile uair sa mhí chun poist nua/poist a bhfuil folúntas iontu a thoisiú

**Modheolaíocht Scórála**

Bainfidh an Ollscoil úsáid as modheolaíocht chuí chun measúnacht a dhéanamh ar phoist, Modh Measúnachta Poist KF Hay.

Seo a leanas na trí chritéar do scéim Hay:
1. Fios Gnó: doimhneacht agus raon, pleanáil agus eagrú, cumarsáid, imirt tionchair
2. Réiteach Fadhbanna: timpeallacht smaointeoireachta, dúshlán smaointeoireachta
3 . Cuntasacht: saoirse chun gnímh, réimse agus cineál tionchair.

Ina theannta sin, tá gnéithe oibre ar fáil d'iarracht fhisiciúil agus/nó brú agus coinníollacha comhshaoil.

Déantar na trí phríomhghné a mhiondealú tuilleadh ina bhfo-ghnéithe:

*Fios Gnó*
- Doimhneacht agus raon feasa
- Pleanáil agus eagrú
- Cumarsáid agus imirt tionchair

*Réiteach Fadhbanna*
- Timpeallacht smaointeoireachta
- Dúshlán smaointeoireachta

*Cuntasacht*
- Saoirse chun gnímh
- Nádúr an tionchair
- Méid (Réimse Tionchair)

Soláthróidh Cathaoirleach an Choiste Toisithe Poist tuarascáil rúnda ina sonrófar an scóráil agus an grád a bheidh comhaontaithe do gach ról a ndéanfar toisiú air. Cuirfidh AD é seo ar fáil don Cheann Aonaid/Scoile/Coláiste a chuir an buniarratas isteach agus cuirfidh siad an bainisteoir líne ar an eolas. Cuirfear an toradh in iúl don bhall UMT.

Má bhaineann toradh Toisithe Poist le ról atá ag duine faoi láthair, cuirfidh a b(h)ainisteoir líne sealbhóir reatha an róil ar an eolas faoin toradh.

Cuirfear toradh an toisithe ar róil fholmha in iúl don bhainisteoir earcaíochta a rinne iarratas ar phost a cheadú.

Is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Choiste. Níl aon mheicníocht achomhairc ann maidir le toradh chinneadh an Choiste Toisithe Poist. Mura n-éiríonn le hiarratas ar thoisiú poist, tabharfar aiseolas don bhainisteoir agus glacfar le hathiarratas don chéad chruinniú eile den Choiste Toisithe Poist.

**6. Athbhreithniú ar an bPolasaí**

Cuirfidh Stiúrthóir Acmhainní Daonna tús le hathbhreithniú ar an bpolasaí nuair a bheidh 24 mí caite ón uair a chuirfear an polasaí i bhfeidhm nó níos luaithe ná sin, más gá, chun go n-áireofaí é sa mhodheolaíocht agus chun léargas ginearálta a thabhairt don bhainistíocht air.

**7. Róil agus Freagrachtaí**

| Ainm | Freagracht |
|---|---|
| Stiúrthóir Acmhainní Daonna | Úinéir an Pholasaí. Freagrach as an iarratas, as monatóireacht agus as athbhreithniú. |
| Bainisteoir Líne | A chinntiú go bhfuil an t-eolas faoin bpost a úsáidtear sa phróiseas iarratais ar Thoisiú Poist cruinn, agus an gá atá ann go rachfaí i gcomhairle le sealbhóir an róil san áireamh. |
| Cinn Aonad/Scoileanna/Coláistí (AO agus os a chionn nó a chomhionann) | Freagrach as an bhfoirm iarratais toisithe poist a líonadh agus costas aon uasghrádaithe a dheimhniú don bhall UMT. |
| Ball UMT | A chinntiú go gcuirtear an polasaí ar a súile do gach bainisteoir a mbaineann an cúram leo. Aon fhoirmeacha iarratais a cheadú. |
| Bainisteoir Tionscadail Toisithe Poist | A chinntiú go dtugtar admháil ar gach foirm iarratais a fhaigheann AD. An páipéarachas cuí a chur ar fáil don Choiste Toisithe Poist. A chinntiú go gcuirtear gach comhfhreagras ón gCathaoirleach maidir le toradh toisithe poist in iúl don Cheann Aonaid/Scoile/Coláiste agus go gcuirtear cóip chuig an mBainisteoir Líne agus chuig an mBall UMT. |
| Cathaoirleach an Choiste Toisithe Poist | A chinntiú go gcuirtear tuarascáil rúnda faoi gach post a bhreithníonn an coiste ar fáil do AD agus don Bhall UMT. |
| Baill an Choiste Toisithe Poist | Gach iarratas a mheas agus a aontú cad é an grád atá ag dul leis an ról bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil. |